2024/1323

17.5.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1323 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Bealtaine 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2820 ón gCoimisiún lena ndéantar foráil maidir le tacaíocht airgeadais éigeandála do na hearnálacha talmhaíochta atá buailte ag tubaistí nádúrtha sa Ghréig agus sa tSlóivéin, a mhéid a bhaineann le hincháilitheacht íocaíochtaí

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 221(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2820 ón gCoimisiún ([2]) déantar foráil maidir le tacaíocht airgeadais éigeandála do na hearnálacha talmhaíochta atá buailte ag tubaistí nádúrtha sa Ghréig agus sa tSlóivéin.

(2) Chun a áirithiú gur féidir leis na tairbhithe tairbhiú go tapa den tacaíocht airgeadais éigeandála, leagtar síos le hAirteagal 1(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2820 an dáta is déanaí is féidir le haghaidh íocaíochtaí le haghaidh bearta faoin Rialachán Cur Chun Feidhme sin, a shocraítear an 31 Bealtaine 2024.

(3) Ós rud é nach bhfuil aon íocaíocht le déanamh tar éis an 31 Bealtaine 2024, ba cheart feidhm a bheith ag Airteagal 38(1) de Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) ionas go measfar aon íocaíocht a dhéanfar tar éis an dáta is déanaí is féidir le haghaidh íocaíochtaí a bheith neamh-incháilithe do mhaoiniú ón Aontas. Dá réir sin, níor cheart feidhm a bheith ag Airteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún ([4]), lena ndéantar foráil maidir le laghdú comhréireach ar na híocaíochtaí míosúla a dhéantar tar éis an sprioc-ama.

(4) Dá bhrí sin, chun incháilitheacht íocaíochtaí a shoiléiriú, ba cheart Airteagal 1(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2820 a leasú dá réir sin.

(5) I bhfianaise an ghá atá le gníomhaíocht láithreach a dhéanamh agus incháilitheacht íocaíochtaí a shoiléiriú i bhfad roimh sprioc-am an 31 Bealtaine 2024, tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(6) Tá an beart dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2820 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2023 lena ndéantar foráil maidir le tacaíocht airgeadais éigeandála do na hearnálacha talmhaíochta atá buailte ag tubaistí nádúrtha sa Ghréig agus sa tSlóivéin (IO L, 2023/2820, 18.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2820/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (OJ L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 20, 31.1.2022, lch. 95, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/127/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2820, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Caiteachas a sheasfaidh an Ghréig agus an tSlóivéin dá dtagraítear i mír 1 i ndáil leis na híocaíochtaí i leith na mbeart dá dtagraítear i mír 2, ní bheidh sé incháilithe do chabhair ón Aontas ach amháin má dhéantar na híocaíochtaí sin faoin 31 Bealtaine 2024.

Beidh feidhm ag Airteagal 38(1) de Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) maidir leis na híocaíochtaí sin.

_____

(*) Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (OJ L 435, 6.12.2021lch. 187, , ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj).’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Bealtaine 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN